Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2018
(OR. en)

7298/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0304 (COD)**

**CODEC 415**
**EDUC 106**
**SOC 153**
**EMPL 114**
**MI 192**
**ECOFIN 264**
**DIGIT 43**
**JEUN 30**
**SPORT 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE **(an chéad léamh)** -<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 4 Deireadh Fómhair 2016, chuir an Coimisiún an togra thuas[1], atá bunaithe ar Airteagal 165 CFAE agus ar Airteagal 166 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 31 Bealtaine 2017[2].

[1] 12947/16.
[2] IO C 173, 31.5.2017, lch. 45.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 15 Márta 2018. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 70/17 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[3] 7097/18.